RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/851 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Márta 2022

lena gceartaítear an leagan Portaingéilise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 58 agus Airteagal 61 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Portaingéilise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún ([2]), tá earráidí in Airteagal 17(4), in Airteagal 40(1)(d), agus san Iarscríbhinn, Cuid 8, Modúl B, pointí 3(2) agus (5) a athraíonn brí na bhforálacha.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Portaingéilise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Ós rud é gur gá an deis chéanna a thabhairt do na hoibreoirí uile, gur ann do leas sáraitheach shláine an mhargaidh inmheánaigh agus go bhfuil gá le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 9 Lúnasa 2020.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 9 Lúnasa 2020.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN